Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar speansais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €21.37 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa, de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017, a chur chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Luacháil stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an luach ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an luach ceannaigh is déanaí. Áirítear le stoic mhíleata agus stoic an Aerchóir míreanna atáthar tar éis iad a athchóiriú.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ag rátaí idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus modh an mhéid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní caipitil***

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní dar luach níos lú ná €1,000.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach mír réadmhaoine díobh seo, níl siad san áireamh i sócmhainní caipitil (Nóta 2.2).

Tá íocaíochtaí ann faoi chláir éagsúla as forbairt trealaimh na bhFórsaí Cosanta, lena n-áirítear tógáil árthaigh cabhlaigh, ceannachán aerárthach agus athchóiriú d’iompróirí armúrtha pearsanra, atá taifeadta mar réamhíocaíochtaí go dtí go gcuirtear chun feidhme iad, agus ag an bpointe sin déantar taifead dóibh mar shócmhainní caipitil.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Áirítear íocaíochtaí i ndáil le forbairt foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta mar chuid de Nóta 2.3 – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. De réir mar a thugtar tionscadail chun críche, déantar iad a bhaint ó Shócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Níl aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc, ar aon dul leis an bpolasaí atá luaite thuas, nach bhfuil talamh nó foirgnimh curtha san áireamh i sócmhainní caipitil.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha
- tá córais socraithe chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí á chur ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Liostaíodh trí chonradh is ochtó (83 conradh), gach ceann díobh ag baint le híocaíochtaí os cionn €25,000, le luach iomlán €17.4 milliún i dtuairisceán bliantúil 2017 na Roinne i ndáil le Ciorclán 40/2002.

Baineann na conarthaí seo go príomha le caiteachas le soláthróirí dílsithe trealaimh speisialaithe chosanta agus trealaimh a bhaineann le cúrsaí slándála d´Óglaigh na hÉireann. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar faoi chonarthaí den chineál sin de réir fhorálacha Chiorclán 40/2002.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhoilliú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mbainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le Rialú Airgeadais Inmheánach***

Níor tugadh aon lagaithe sna rialaithe inmheánacha airgeadais faoi deara maidir le 2017 a raibh, nó a bhféadfar go mbeidh, caillteanas ábharach mar thoradh air.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

29 Marta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san*Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin | 691,797 | 680,549 | 670,725 |
| | **Ollchaiteachas** | **691,797** | **680,549** | **670,725** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **20,704** | **30,824** | **40,667** |
| | **Glanchaiteachas** | **671,093** | **649,725** | **630,058** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **21,368,252** | **26,557,886** |

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

29 Marta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 658,228 | 648,905 |
| Riarachán - pá | | 17,161 | 17,108 |
| Riarachán - neamhphá | | 5,160 | 4,712 |
| **Ollchaiteachas** | | **680,549** | **670,725** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **30,824** | **40,667** |
| **Glanchaiteachas** | | **649,725** | **630,058** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (75,619) | | |
| Dímheas | 49,892 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 659 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 184 | | |
| | | (24,884) | (50,975) |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (13,133) | (7,168) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 1,430 | | |
| Laghdú ar stoc | 4,158 | | |
| | | 5,588 | 11,547 |
| **Caiteachas díreach** | | **617,296** | **583,462** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 10,121 | | 9,032 |
| Measchíosanna | 1,551 | 11,672 | 2,601 |
| **Glanchostas cláir** | | **628,968** | **595,095** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile, agus i ndáil le méideanna measta a tabhaíodh sa Vóta iad maidir le seirbhísí eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | (428) | (431) |
| Vóta 2 Roinn an Taoisigh | (91) | (72) |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | 2 | 1 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 10,411 | 9,643 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 603 | 1,064 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 825 | 88 |
| Vóta 35 Arm-Phinsin | (1,324) | (1,386) |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 123 | 125 |
| | **10,121** | **9,032** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 474,247 | 492,931 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 10,248 | 2,255 |
| | | **484,495** | **495,186** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 5,213 | 1,554 |
| Stoic | 2.5 | 203,030 | 207,188 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 105,974 | 65,568 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,590 | 2,648 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 4,839 | 4,721 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **322,646** | **281,679** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,209 | 3,011 |
| Ioncam iarchurtha | | 40 | 28 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 6,381 | 6,169 |
| Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite | 2.9 | 3,671 | 106 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,301** | **9,314** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 310,345 | 272,365 |
| **Glansócmhainní** | | **794,840** | **767,551** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú stáit** | 2.1 | **794,840** | **767,551** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 767,551 | 728,697 |
| **Eisíocaíochtaí as an Vóta** | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 671,093 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (21,368) | | |
| Vóta glan | | | 649,725 | 630,058 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 10,121 | 9,032 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,551 | 2,601 |
| Aistrithe – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | | (5,140) | (10,420) |
| Athaicmiú sócmhainní | 2.2 | | — | 2,678 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (628,968) | (595,095) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **794,840** | **767,551** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh míleata | Trealamh Cosanta Sibhialta | Trealamh Oifige agus trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 1,047,645 | 3,810 | 49,981 | 1,101,436 |
| Breiseanna | 29,237 | 656 | 2,158 | 32,051 |
| Diúscairtí | (8,932) | (84) | (1,530) | (10,546) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 1,067,950 | 4,382 | 50,609 | 1,122,941 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 568,329 | 1,301 | 38,875 | 608,505 |
| Dímheas don bhliain | 46,604 | 328 | 2,960 | 49,892 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (8,250) | (19) | (1,434) | (9,703) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 606,683 | 1,610 | 40,401 | 648,694 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **461,267** | **2,772** | **10,208** | **474,247** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 479,316 | 2,509 | 11,106 | 492,931 |

Riarann an Roinn Cosanta talamh (tuairim is 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag 58 ionad éagsúla, chomh maith le 19 bhfoirgneamh lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna don lucht pósta. Níl talamh agus foirgnimh san áireamh i sócmhainní caipitil.

## 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| ag 31 Nollaig | Conarthaí Tógála |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2017 | 2,255 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 13,133 |
| Tionscadail a críochnaíodh [a] | (5,140) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh agNollaig 2017 | 10,248 |

[a] De réir mar a thugtar tionscadail chun críche, déantar iad a bhaint ó shócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Níl aon aistriú chuig an gclár sócmhainní mar níl talamh nó foirgnimh curtha san áireamh i sócmhainní caipitil.

## 2.4 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 8,938 | 4,987 |
| Iarmhéideanna eile bainc agus airgid thirim | 473 | 670 |
| Lúide orduithe atá gan íoc | (4,198) | (4,103) |
| | **5,213** | **1,554** |

## 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Stoic mhíleata** | | |
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir | 206,190 | 219,354 |
| Ceannaithe le linn na bliana | 33,733 | 32,233 |
| Eisiúintí le linn na bliana | (34,455) | (36,935) |
| Nithe díscríofa, stoc críon, srl. [a] | (3,628) | (1,231) |
| Athaicmiú go sócmhainní seasta [b] | — | (7,231) |
| | 201,840 | 206,190 |
| Cosaint Shibhialta | 1,114 | 943 |
| Stáiseanóireacht | 19 | 21 |
| Tomhaltáin TF | 57 | 34 |
| | **203,030** | **207,188** |

[a] Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata atá mhallghluaisteach nó atá as feidhm a aithint agus a bhaint.

[b] Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mhíleata mar shócmhainní in 2016.

## 2.6 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tógáil árthaí cabhlaigh | 66,916 | 37,332 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe chabhlach iompróir armúrtha pearsanra | 25,000 | 15,000 |
| Aerárthach fóntais sciatháin dhobhogtha | 4,000 | — |
| Eile | 10,058 | 13,236 |
| | **105,974** | **65,568** |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Párolla | 4,186 | 4,103 |
| Imprest | 298 | 367 |
| Scéimeanna um Rothaíocht chun na hOibre | 146 | 139 |
| Thar lear | 67 | 48 |
| Fionraí eile | 142 | 64 |
| | **4,839** | **4,721** |

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Bhreisluacha | 5,959 | 5,647 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 191 | 108 |
| Cáin ioncaim | 14 | 2 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 43 | 37 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 42 | 67 |
| Muirear Sóisialach Uilíoch | — | (12) |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 14 | (8) |
| | 6,263 | 5,841 |
| Asbhaintí phárolla á gcoinneáil ar fionraí | 88 | 149 |
| Earraí eile fionraí sochair | 30 | 179 |
| | **6,381** | **6,169** |

## 2.9 Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas leithreasaí le géilleadh | 21,368 | 26,558 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (17,697) | (26,452) |
| **Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite** | **3,671** | **106** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,213 | 1,554 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4,839 | 4,721 |
| | 10,052 | 6,275 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,263) | (5,841) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (118) | (328) |
| | (6,381) | (6,169) |
| | **3,671** | **106** |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais Uilíoch** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 5,699 | 5,698 |
| Tionscadail chaipitil | 119,544 | 113,670 |
| | **125,243** | **119,368** |

San fhigiúr de €125m áirítear €64m ar cheannach de threalamh cosanta (lena n-áirítear €43m ar chothabháil agus ar an gclár uasghrádaithe iompróirí armúrtha pearsanra, €6m ar fheithiclí armúrtha eile agus €5m ar threalamh EOD), €36m ar sholáthar aerárthaigh, €7m ar oibreacha foirgnimh, €6m ar uasghrádaithe TF agus €4m ar chlár athsholáthair na narthaí cabhlaigh.

**(b) Ceangaltais Mhóra Chaipitil**

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35 milliún.

| Tionscadal | Caiteachas carnach ag 31 Nollaig 2016 €000 | Caiteachas i 2017 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis sin €000 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2017 €000 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Clár athsholáthair na n-árthaí cabhlaigh agus tionscadal armála | 249,780 | 29,583 | 4,184 | 283,547 | 283,571 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe iIompróirí armúrtha pearsanra | 15,000 | 10,000 | 43,000 | 68,000 | 68,000 |
| Bonneagar TF | 2,939 | 3,573 | 6,288 | 12,800 | 12,800 |
| tionscadal ailtireachta deasca fhíorúil | | | | | |
| Aerárthach fóntais sciatháin dhobhogtha | — | 4,000 | 35,602 | 39,602 | — |

Rinneadh conradh maidir le soláthar trí aerárthach i mí na Nollag 2017. Táthar ag súil leis go seachadfar dhá cheann de na haerárthaigh in 2019 agus go seachadfar an ceann deireanach in 2020.

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe gan dílуchtú ag deireadh na bliana | **655** | **605** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Sa nóta seo a leanas léirítear anailís den chaiteachas riaracháin faoin Vóta agus breactar amach ann na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 17,863 | 17,161 | 17,108 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 575 | 657 | 609 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 250 | 333 | 301 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 665 | 454 | 536 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,605 | 2,672 | 2,456 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,110 | 929 | 805 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 35 | 115 | 5 |
| | | **23,103** | **22,321** | **21,820** |

**Athruithe suntasacha**

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €17.863 milliún, toradh: €17.161 milliún.

Bhí roinnt rudaí éagsúla ar chúis leis an nganncháitheamh de €0.702 milliún. Bhí liúntas ag leibhéal Rúnaí Cúnta nár líonadh go dtí leath bhealach tríd an mbliain, aistríodh 20 ball foirne ón Roinn Cosanta go dtí an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte in Aibreán 2017, agus bhí moill ann le hearcaíocht foirne.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.665 milliún, toradh: €0.454 milliún.

Tharla an gannchaitheamh de €0.211 milliún mar thoradh ar an éileamh ar sheirbhísí poist a bhí ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis.

## Clár A Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin

| | | 2017 Soláthar Mheastacháin | 2017 Toradh | 2016 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 17,863 | 17,161 | 17,108 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 5,240 | 5,160 | 4,712 |
| A.3 | Buanfhórsa Cosanta: pá | 417,126 | 396,479 | 385,504 |
| A.4 | Buanfhórsa Cosanta: liúntais | 38,680 | 39,514 | 35,389 |
| A.5 | Fórsa Cosanta Cúltaca: pá, srl. | 2,150 | 1,383 | 1,567 |
| A.6 | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | 1,225 | 1,027 | 990 |
| A.7 | Tacaíocht shibhialtach na bhFórsaí Cosanta: pá agus liúntais, srl. | 31,104 | 23,871 | 24,327 |
| A.8 | Fórsaí Cosanta: forbairt ar inniúlacht[a] | 53,000 | 72,632 | 31,491 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus tacaíocht | 16,860 | 16,354 | 18,627 |
| A.10 | Iompair míleata | 10,390 | 9,251 | 8,925 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht | 11,800 | 13,779 | 63,903 |
| A.12 | Costais beairic agus trealamh innealtóireachta | 14,180 | 12,512 | 12,658 |
| A.13 | Bonneagar tógtha na bhFórsaí Cosanta: tógáil agus cothabháil | 23,300 | 21,259 | 15,839 |
| A.14 | Éide, éadach, trealamh agus lónadóireacht na bhFórsaí Cosanta | 13,180 | 14,111 | 15,044 |
| A.15 | Cumarsáid agus TF na bhFórsaí Cosanta | 10,074 | 11,177 | 11,097 |
| A.16 | Oideachas agus oiliúint mhíleata | 2,150 | 2,173 | 1,983 |
| A.17 | Lóistíocht agus taisteal na bhFórsaí Cosanta | 3,200 | 3,197 | 3,184 |
| A.18 | Tacaíocht leighis agus chúram sláinte do na Fórsaí Cosanta | 3,000 | 2,843 | 2,978 |
| A.19 | Tailte | 1,000 | 687 | 830 |
| A.20 | Eachaíocht | 900 | 905 | 1,020 |
| A.21 | Costais dlíthíochta agus chúitimh | 5,000 | 3,767 | 3,900 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | 2,966 | 3,417 | 2,799 |
| A.23 | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh | 1,300 | 1,352 | 844 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta | 5,240 | 4,919 | 5,137 |
| A.25 | Cumann Croise Deirge na hÉireann | 869 | 1,619 | 869 |
| | **Iomlán** | **691,797** | **680,549** | **670,725** |

[a] Ó 2017 amach, clúdaítear an soláthar d'aerárthaigh agus d'árthaí cabhlaigh le fotheideal A.8 seachas le fotheideal A.9 agus le fotheideal A.11 faoi seach. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, dá mba rud é go leasófar na figiúir caiteachais i leith 2016 leis na hathruithe seo, is éard a bheadh le brath sa chaiteachas faoi na fotheidil, dá réir, ná mar seo a leanas: A.8 €80.7 milliún; A.9 €16.6 milliún agus A.11 €16.6 milliúin.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €11.248 milliún ní b'ísle ná mar a bhí foráilte (i dtosach). Bhain €0.782 milliún de sin le caiteachas riaracháin a bhfuiltear tar éis míniúchán a thabhairt air cheana agus, den chuid is mó, ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an difríocht de €10.466 milliún.

*A.5 Fórsa Cosanta Cúltaca: pá, etc.*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.15 milliún, toradh: €1.383 milliún.

Bhí sprioceasnamh de €0.767 milliún ann toisc gur lú an méid oiliúna íoctha a chuaigh na chúltacaithe leis ná lena rabhthas ag súil leis.

*A.6 Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.225 milliún, toradh: €1.027 milliún.

Bhí sprioceasnamh de €0.198 milliún ann toisc gur lú an líon séiplíneach in 2017 ná lena rabhthas ag súil leis.

*A.7 Tacaíocht shibhialtach na bhFórsaí Cosanta: pá agus liúntais, srl..*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €31.104 milliún, toradh: €23.871 milliún.

Tharla an coigilteas ar luach €7.233 milliún ós rud é go raibh líon na bhFostaithe Sibhialtach níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall ar leibhéal earcaíochta a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

*A.8 Na Fórsaí Cosanta: forbairt ar an ábaltacht*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €53 milliún, toradh: €72.633 milliún.

Is éard is cúis leis an róchaitheamh de €19.633 milliún ná an tabhairt chun tosaigh d'íocaíochtaí a rinneadh faoin gClár Uasghrádaithe na n-iompróirí armúrtha pearsanra, an uasghrádú a rinneadh ar an tSeirbhís Chabhlaigh agus an clár athsholáthair aerárthach toisc gur cuireadh i gcrích na cláir seo ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis.

*A.10 Iompar míleata*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €10.39 milliún, toradh: €9.251 milliún.

Is éard is cúis leis an róchaitheamh de €1.139 milliún ná costais bhreosla a bhí ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis chomh maith le moillí i bpróiseas soláthair de pháirteanna spártha d'fheithiclí armúrtha. Seach-chuireadh cuid de na coigiltis mar gheall ar an riachtanas chun feithiclí breise a fháil, rud a bhí gá leis chun an críochnúlacht míleata a choinneáil.

*A.11 An tSeirbhís Chabhlaigh trealamh agus tacaíocht*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €11.8 milliún, toradh: €13.779 milliún.

Is éard is cúis leis an róchaitheamh de €1.979 milliún, den chuid is mó, ná na costais innealtóireachta muirí lena rabhthas ag súil a tabhaíodh iad le linn don chothabháil árthach cabhlaigh. Seach-chuireadh cuid den bharrachas seo le costais bhreosla ní b'ísle ná mar lena rabhthas ag súil.

*A.12 Costais beairic agus trealamh innealtóireachta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €14.18 milliún, toradh: €12.512 milliún.

Baineann an tearc-chaitheamh de €1.668 milliún go príomha le costais fóntais níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis, agus forfheidhmiú beartas tíosach ar fhuinneamh agus seach-chuireadh cuid de mar gheall ar chostais innealtóireachta agus beairice mhéadaithe.

*A.13 Bonneagar tógtha na bhFórsaí Cosanta: tógáil agus cothabháil*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €23.3 milliún, toradh: €21.259 milliún.

Tháinig an tearc-chaitheamh de €2.041 milliún go príomha as dul chun cinn ní ba mhoille i roinnt tionscadail lárnacha a thabhairt chuig céim na tógála a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis.

*A.14 Éide, éadach, trealamh agus lónadóireacht na bhFórsaí Cosanta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €13.18 milliún, toradh: €14.111 milliún.

Den chuid is mó, is éard is cúis leis an róchaitheamh de €0.931 milliún ná an méadú i gcaiteachas ar éidí comhraic agus trealamh a bhí ann, go háirithe don líon d'earcaigh agus de dhaltaí airm atá tar éis dul isteach leis na Fórsaí Cosanta, atá tar éis éirí níos mó. Seach-chuireadh cuid den bharrachas seo le coigiltis ar threalamh léarscáilíochta.

A.15 Cumarsáid agus TF na bhFórsaí Cosanta

Suim soláthraithe sa mheastachán: €10.074 milliún, toradh: €11.177 milliún.

Tá an róchaitheamh de €1.103 milliún ann, go bunúsach, mar thoradh ar chostais a tabhaíodh iad ní ba luaithe ná lena rabhthas ag súil leis, costais a bhaineann le forfheidhmiú ailtireacht bainistíochta faisnéise agus uasghrádaithe atá déanta leis an trealamh cumarsáid chomh maith le tacaíocht.

*A.18 Tacaíocht leighis agus cúraim shláinte do na Fórsaí Cosanta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €3 milliún, toradh: €2.843 milliún.

Ba mar thoradh ar riachtanais chliniciúla a tharla a tearc-chaitheamh de €0.157 milliún a bheith níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis agus toisc nár réadaíodh costais áirithe seachfhoinsithe lena rabhthas ag súil leo. Seach-chuireadh cuid de na coigiltis mar gheall ar an soláthar de threalamh leighis breise le haghaidh tacaíocht a thabhairt do na riachtanais oibríochtúla.

*A.19 Tailte*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1 milliún, toradh: €0.687 milliún.

Ba thoradh é an tearc-chaitheamh de €0.313 milliún ar an gcaiteachas ar chothabháil comhshaoil agus i roinnt mhaith réimsí eile a bhí ní ba lú mar a bhíothas ag súil leo le haghaidh 2017, toisc nár cuireadh tús le tionscadail áirithe a bhí beartaithe ar chúiseanna nach raibh súil leo.

*A.21 Costais dlíthíochta agus chúitimh*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €5 milliún, toradh: €3.767 milliún.

Tharla an tearc-chaitheamh de €1.233 milliún mar thoradh ar roinnt athróg nach bhféadfaí a thuar, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí.

*A.22 Caiteachas ilghnéitheach*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.966 milliún, toradh: €3.417 milliún.

Is éard is cúis leis an róchaitheamh de €0.451 milliún ná costas na fógraíochta breise agus cumarsáide i leith bhfeachtas míleata chomh maith le costas tacaíochta um misin eachtracha a bhí ní b'airde ná mar a bhí réamh-mheasta. Seach-chuireadh cuid den bharrachas seo le costais riaracháin laghdaithe.

*A.24 Cosaint Shibhialta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €5.24 milliún, toradh: €4.919 milliún.

Tharla an tearc-chaitheamh de €0.321 milliún mar thoradh ar dheontais le haghaidh feithiclí nua Cosanta Sibhialta a bhí ní ba lú ná mar a bhí réamh-mheasta leo agus mar thoradh ar chostais riaracháin a bhí ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil. Seach-chuireadh cuid de na coigiltis mar gheall ar an soláthar de threalamh cosanta pearsanta breise.

*A.25 Cumann Croise Deirge na hÉireann*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.869 milliún, toradh: €1.619 milliún.

Is éard is cúis leis an róchaitheamh de €0.75 milliún ná an eisiúint de mhaoin do Chumann Croise Deirge na hÉireann as riarachán a rinne sé ar Scéim Éigeandála um Thacaíocht Daonnúil do ghnólachtaí beaga i ndiaidh dianaimsire agus tuilte, de réir cinneadh a rinne an Rialtas.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl. | 4,300 | 12,949 | 12,940 |
| 2 | Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | — | — | — |
| 3 | Fáltais ó bhainc agus ó eagraíochtaí eile | 1,300 | 1,335 | 1,394 |
| 4 | Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 200 | 157 | 175 |
| 5 | Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 900 | 919 | 888 |
| 6 | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 30 | 25 | 32 |
| 7 | Fáltais ó bhreosla eitlíochta | 45 | 37 | 40 |
| 8 | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 107 | 94 |
| 9 | Tailte agus áitribh | | | |
| | (a) cíosanna, srl. | 450 | 455 | 461 |
| | (b) díolacháin | 2,500 | 469 | 8,416 |
| 10 | Díolachán stoca bharrachais | 75 | 305 | 100 |
| 11 | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 60 | 48 | 140 |
| 12 | Nithe ilghnéitheacha | 700 | 832 | 1,205 |
| 13 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 10,094 | 13,186 | 14,782 |
| | **Iomlán** | **20,704** | **30,824** | **40,667** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí €10.120 milliún níos mó i gceist le leithreasaí-i-gcabhair ná mar a bhí measta sa mheastachán.

Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

*1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €4.3 milliún, toradh: €12.949 milliún.

Tháinig an barrachas de €8.649 milliún as fáltais ó na Náisiúin Aontaithe a bheith ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leo i ndáil le pá agus costais trealaimh. Tá sé deacair tóir a dhéanamh ar amú na bhfáltas, féach Nóta 6.1.

*9 Tailte agus áitribh - (b) díolacháin*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.5 milliún, toradh: €0.469 milliún.

Ba de thoradh ar mhoillí i díolacháin de mhaoin míleata a tharla de dheasca ábhar dlí a tharla an sprioceasnamh de €2.031 milliún.

*10 Díolachán stoca bharrachais*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.075 milliún, toradh: €0.305 milliún.

Is de bharr díolachán longa díchoimisiúnaithe, fáltas éadaigh ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus fáltas níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis ó dhramh-phráis agus ó dhramh-mhiotal an barrachas de €0.23 milliún.

*12 Nithe Ilghnéitheacha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.7 milliún, toradh: €0.832 milliún.

Tá an barrachas de €0.132 milliún ina thoradh ar fháltais ón tseirbhís tacaíochta éigeandála aeraileighis a bhí ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

13 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €10.094 milliún, toradh: €13.186 milliún.

Tharla an barrachas de €3.092 milliún toisc go mbíonn sé deacair asbhaintí a bhaineann le pinsean a mheas go beacht, go háirithe in Óglaigh na hÉireann mar gheall ar an réimse saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ríomh, lena n-áirítear liostálacha, scor, raon liúntas, srl.

## 4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Aisíoc ó Chros Dhearg na hÉireann i ndáil le deontas nár caitheadh | — | 1,894 |
| Pá ar ghéilleadh é go deonach | 3 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (3) | (1,894) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **—** | **—** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **9,982** | **9,947** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 395,215 | 385,969 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 217 | 233 |
| Ragobair | 408 | 467 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 215 | 202 |
| Liúntais mhíleata agus liúntais eile | 33,963 | 29,304 |
| ÁSPC an fhostóra | 37,847 | 36,480 |
| **Pá Iomlán** | **467,865** | **452,655** |

Ní áirítear leis na figiúirí iomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann lena mbaineann 3 pearsanra agus €221,446 d'íocaíochtaí iomlána. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamhphá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

## 5.3 Státseirbhísigh

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **325** | **336** |

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 16,164 | 16,135 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 80 | 87 |
| Ragobair | 88 | 137 |
| Liúntais eile | 56 | 29 |
| ÁSPC an fhostóra | 773 | 720 |
| **Pá Iomlán** | **17,161** | **17,108** |

| **Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht iomlán aonair 2017**<br>**€** | **Uasíocaíocht iomlán aonair 2016**<br>**€** |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 2 | 17,056 | 12,268 |
| Ragobair | 65 | — | 9,656 | 9,776 |
| Liúntais eile | 19 | 1 | 16,116 | 10,271 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 15 | 1 | 10,872 | 13,275 |

## 5.4 Fostaithe Sibhialtaigh

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **462** | **479** |

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 16,775 | 17,243 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 137 | 146 |
| Ragobair | 320 | 330 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 215 | 202 |
| Liúntas ama taistil | 506 | 502 |
| Liúntas uirlise agus liúntais eile | 226 | 245 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,862 | 1,876 |
| **Pá Iomlán** | **20,041** | **20,544** |

| Liúntais agus Íocaíochtaí ragoibre | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht iomlán aonair 2017 € | Uasíocaíocht iomlán aonair 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 74 | — | 8,787 | 8,839 |
| Ragobair | 131 | — | 8,432 | 8,893 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 35 | 4 | 14,088 | 13,963 |
| liúntas ama taistil | 77 | 12 | 12,221 | 12,030 |
| Liúntas uirlise agus liúntais eile | 289 | — | 3,235 | 3,235 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 189 | 39 | 25,358 | 24,414 |

## 5.5 Buanfhórsa cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **9,195** | **9,132** |

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 362,276 | 352,591 |
| Liúntais thar lear | 18,840 | 13,906 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,931 | 8,247 |
| Liúntais dualgais teorann | 2,368 | 2,574 |
| Liúntais dualgais patróil | 2,461 | 2,222 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,575 | 1,579 |
| ÁSPC an fhostóra | 35,212 | 33,884 |
| **Pá Iomlán** | **430,663** | **415,003** |

| Liúntais | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht iomlán aonair 2017 € | Uasíocaíocht iomlán aonair 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais thar lear | 2,295 | 840 | 34,900 | 37,241 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,466 | 15 | 15,022 | 17,998 |
| Liúntais dualgais teorann | 616 | 1 | 32,401[a] | 18,529 |
| Liúntais dualgais patróil | 798 | — | 9,750 | 9,700 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 809 | 1 | 11,658 | 8,561 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2,934 | 957 | 34,953 | 35,103 |

[a] Tá riaráistí idir 2010 agus 2016 san áireamh.

## 5.6 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Níor íocadh aon liúntais CIO/sinsearachta i réimse na Cosanta.

## 5.7 Socruithe Luach Saothair eile

San iomlán, íocadh €177,856 do sheisear ball de phearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar scor agus atá ag fáil pinsean Óglaigh na hÉireann, pinsin a chuimsíonn raon idir €9,323 agus €61,504, a athfhostaíodh ar dualgais éagsúla iad le linn 2017. Ina theannta sin, san iomlán íocadh €106,606, in íocaíochtaí de mhéideanna idir €325 agus €10,761 a íocadh do fiche naoi mball de státseirbhísí atá ar scor agus ag fáil pinsean seirbhíse poiblí a athfhostaíodh ar dualgais éagsúla iad le linn 2017. Tá gnáthaimh chuí curtha i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill phearsanra atá ar scor de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.8 Baill foirne ar Iasacht

Áirítear sa Chuntas seo €87,591 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata ar iasacht.

## 5.9 Socraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim

In 2017, íocadh €167,069, san iomlán, do na Coimisinéirí Ioncaim mar nochtadh deonach gan iarraidh maidir le sochar comhchineáil i leith rátaí cothabhála áirithe míleata agus seirbhísí liachta áirithe do chomhaltaí na bhFórsaí Cosanta.

## 5.10 Ró-íocaíochtaí Párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €90,623 (162 cás) agus pleananna aisghabhála i bhfeidhm do €29,181 (44 cás). I 2016, b'ionann ró-íocaíochtaí agus €51,117 (44 cás).

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa Chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair an phearsanra mhíleata atá ag seirbheáil le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe agus iompair:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh:** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 28,738 | 17,839 |
| UNDOF (Arda Golan) | 10,667 | 10,545 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,175 | 1,186 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 600 | 785 |
| Misin eile na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh | 3,486 | 3,792 |
| | 44,666 | 34,147 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,676 | 1,683 |
| Cathghrúpaí (An Ghearmáin, an AE agus an RA) | 301 | 2,170 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 164 | 227 |
| Oibríochtaí sa Mheánmhuir (Cuardach agus Tarrtháil) | 3,738 | 2,609 |
| **Iomlán** | **50,545** | **40,836** |

Tabhaíodh caiteachas breise in 2017 toisc gur ghlac Éire le ról an Náisiúin Cheannais ar Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin. Maidir leis an €44.67 milliún le haghaidh mhisin na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh, baineann €5.26 mhilliún le misin a n-íocann an Stát as a gcuid costas uile. Baineann an €39.41 milliún eile le UNIFIL agus UNDOF; comhaontaíodh socruithe um aisíocaíocht costas áirithe leis na Náisiúin Aontaithe ina dtaobh. Braitheann tráth na naisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla lena n-áirítear an maoiniú atá ar fáil don eagraíocht sin. Ba é €12.95 milliún an tsuim a fuarthas ó na Náisiúin Aontaithe mar leithreasaí i gcabhair in 2017, ar bhain €6.74 milliún de le costais phearsanra, €6.21 milliún le costais trealaimh.

Ba é €3.4 milliún an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana (€1.1 milliún de chostais phearsanra agus €2.3 milliún de chostais trealaimh).

## 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíochta na bhFórsaí Cosanta

Áirítear sa Chuntas seo €483,341 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíochta agus costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

## 6.3 Nithe a díscríobhadh

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Damáiste d’fheithiclí míleata | 129 | 52 |
| Drochfhiacha | — | 38 |

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon cásanna | Costais dlí íoctha ag an Roinn | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cásanna um ghortú pearsanta i ndáil le fostaithe an Vóta | 218 | 501 | 664 | 1,717 | 2,882 | 2,699 |
| Cásanna a bhaineann le riarachán/fostaíocht i ndáil le fostaithe an Vóta | 17 | 128 | 131 | 189 | 448 | 694 |
| Cásanna um ghortú pearsanta i ndáil le baill an phobail | 38 | 69 | 118 | 263 | 450 | 642 |
| | | **698** | **913** | **2,169** | **3,780** | **4,035** |

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlí agus cúiteamh le cásanna ina ndearnadh íocaíocht i 2017. Áirítear cásanna leis seo a socraíodh sna blianta roimhe seo, iadsan a socraíodh i 2017 agus iadsan atá fós oscailte.

## 6.5 Dliteanas teagmhasach

Tá dliteanas teagmhasach ag an Roinn do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le seansocruithe i dtaca le taisteal agus cothabháil.

## 6.6 Eadráin agus comhréiteach

Tabhaíodh costais de €590 in 2017 maidir le cúig chás eadrána agus comhréiteacha. Ní raibh aon chásanna eadrána ann ná comhréitigh ná caiteachas i 2016.

## 6.7 Cóir leighis

Tugadh seirbhísí institiúide agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil shibhialtacha gan gearradh an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Aguisín A Sceideal na Talún agus Foirgneamh

### 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| **Maoin** | **Achar (Heicteáir)**[1] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 51.89 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.20 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin — | — |
| Seanbheairic agus Reilig, Mainistir Fhear Maí | 4.45 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.40 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Chrócháin | 0.40 |
| Ceapach Chuimhneacháin Mhíchíl Uí Choileáin, Béal na Bláth | 0.004 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Mala | 0.03 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear gléasra camrais ar thalamh cóngarach | 277.21 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Láithreán ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.40 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 216.10 |
| Soláthar Uisce Bhun na dTobar go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,968.35 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara — | — |
| Uimh. 2, 23, 78, 85 agus 96 Páirc an Úlloird, An Currach | 0.10 |
| Dún Mhic Aoidh, Cill Dara | 1.99 |
| Tailte ag an Ráth Dubh, an Currach | 14.37 |

[1] Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.

.

| Maoin | Achar (Heicteáir)[1] |
|---|---|
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Seandún Míleata, Biorra | 1.98 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, an Charnach | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.28 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Tailte agus Teach Charraig Bhré, Bré | 1.95 |
| Post an Raonbhardaigh, an Seisceann | 0.40 |

[1] Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.

## 2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

| Maoin | Achar (Heicteáir)[1] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Inis | 0.10 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair don Údarás um Bóithre Náisiúnta | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach[2] | 33.99 |
| Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán | 29.95 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 14.97 |
| An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| An Ché Thuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 337.01 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Brugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 18.62 |
| Uimh. 17-28 Árasáin Chathail Brugha, Ráth Maonais,Baile Átha Cliath 6 | 0.27 |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7 | 18.21 |
| 64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7 | 0.02 |
| Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | 0.01 |
| **Laois** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Port Laoise | 0.03 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |

[1] Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.

[2] Aistrithe go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun dheisiúcháin a dhéanamh ar shuíomh ISPAT.

| **Maoin** | **Achar (Heicteáir)**[1] |
|---|---|
| **Maigh Eo** | |
| Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 2.43 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 0.96 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.16 |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.40 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 636.98 |

[1] Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.

## Aguisín B Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Cosanta

Sa tábla thíos luaitear na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ag an Roinn ráitis airgid a chur i láthair ina leith. Léiríonn sé, amhail deireadh Mhárta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/ Rannach | Tréimhse Chuntasaíochta Dheireanach | Dáta na Tuarascála Iniúchóra | Dáta ar a bhfuair an tAire/ an Roinn é | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann | 2016 | 16 Meitheamh 2017 | 17 Meitheamh 2017 | 8 Eanáir 2018 |
| Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta | 2016 | 29 Meán Fómhair 2017 | 17 Deireadh Fómhair 2017 | 3 Eanáir 2018 |